
# info@ncca

ag tacú le teagasc agus foghlaim

## Réidh le haghaidh ACTION?

### Measúnú, Curaclam agus Nuálaíocht sa Teagasc ar an Idirlíon

leathanach 16

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | AIBREÁN 2008 | Eagrán 9

**an t-eagrán seo** / Nuashonruithe / Bileoga Eolais d'Ábhair an Teastais Shóisearaigh / Tionscadal Mata / Cártaí Tuairisce Scoile / Idiraonaid / An tSraith Shóisearach **agus i bhfad níos mó...**


NCCA

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# fáilte...

## chuig eagrán samhraidh info@ncca

**Úsáidtear frása spéisiúil go minic sna meáin chumarsáide a dhéileálann le nós maireachtála agus leis na healaíona. Is féidir le daoine atá á moladh a rá go bhfuil mála láimhe, seaicéad, pictiúr, nó oideas fiú 'out there'. Cibé rud atá i gceist leis sin!**


Ba bhreá liom a chreidiúint gur féidir an t-eagrán seo de info@ncca a chur sa chatagóir 'out there'....toisc go mbaineann sé leis na bealaí ar a bhfuil an CNCM 'amuigh ansin'. Is féidir libh léamh faoin tslí ar a bhfuilimid 'amuigh ansin' ar líne ar láithreán gréasáin nua ACTION, nó faoin mbealach a rabhamar 'amuigh ansin' ag obair le bunscoileanna ar thuairisciú do thuismitheoirí. Bhíomar 'amuigh' in ionaid oideachais – agus beimid in ionad gar duit i mbliana! Bhíomar 'amuigh ansin' le roinnt míonna anuas lenár gcomhairliúcháin faoin tsraith shóisearach, agus beimid 'amuigh ansin' i rith an fhómhair ag obair ar an tsraith shinsearach. Leis an Matamaitic, táimid 'amuigh ansin' ar bhealach nua agus is féidir libh léamh faoi conas a bheimid níos faide amuigh fiú le *Tionscadal Mata* san fhómhar.

Le linn dúinn a bheith 'amuigh ansin' le roinnt míonna anuas, bhí a lán deiseanna againn bualadh libh ag comhdhálacha agus imeachtaí. Go raibh maith agaibh as an aiseolas dearfach uile ar **info@ncca**. Is breá linn é sin a chloisteáil, agus tá bhur dtuairimí agus moltaí maidir le heagráin sa todhchaí tábhachtach. Lean oraibh.

Má thugann sibh cuairt ghearr ar ár láithreán gréasáin, feicfidh sibh an tslí ina bhfuilimid 'amuigh ansin' le roinnt bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fud na tíre. D'oibrigh na scoileanna seo linn ar raon leathan tionscadal idir mheasúnú chun foghlama i seomraí ranga bunscoile, an chreatlach don treoir, agus Phríomhscileanna sa tsraith shinsearach. Agus an scoilbhliain seo ag teacht chun críche, ba bhreá liom buíochas a ghabháil leis na múinteoirí, na príomhoidí, na daltaí agus na tuismitheoirí uile a d'oibrigh linn i mbliana. Tá an obair a dhéanann siad ríthábhachtach. Déanann siadsan cinnte go mbímid, mar a deir siad chomh maith sna colúin a bhaineann le nós maireachtála, 'réadúil' fad is atáimid 'amuigh ansin'. Tá sé sin ag croílár an athraithe ar churaclam agus ar mheasúnacht: go gcuirtear réaltachtaí na seomraí ranga agus na scoileanna san áireamh i gcónaí, nuair atáthar ag iarraidh a fháil amach cé mhéad atá indéanta. 'Amuigh ansin', ach 'réadúil' freisin.

Agus an tríú téarma is faide a bheidh agaibh riamh, is dócha, ag teacht chun críche, bainigí taitneamh as an sos samhraidh atá tuillte go maith agaibh.





Anne Looney
An Príomhfheidhmeannach
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# céard atá san eagrán seo


| | |
|---|---|
| Nuashonruithe | 4 |
| Eolas faoi athruithe | 5 |
| An CNCM in 2008 | 8 |
| Tionscadal Mata | 10 |
| An Tuairisc Scoile | 12 |
| Idiraonaid | 14 |
| Réidh le haghaidh ACTION? | 16 |
| Na fíricí | 18 |


## Ag tacú le teagasc agus foghlaim...


Foilsítear **info@ncca** trí huaire i rith na scoilbhliana, i mí Mheán Fómhair, i mí Eanáir agus i mí Aibreáin.

Faigheann múinteoirí i ngach bunscoil agus gach iar-bhunscoil sa tír cóip den nuachtlitir. Is féidir leaganacha leictreonacha den nuachtlitir, as Gaeilge agus as Béarla, a íoslódáil ónár láithreán gréasáin, ag **www.ncca.ie**. Má tá cóipeanna breise de **info@ncca**.ie de dhíth ar do scoilse, cuir iarratas chugainn le ríomhphost nó sa phost.

Cuirimid fáilte roimh ailt ó mhúinteoirí mar aon le tuairimí agus ceisteanna faoi ábhar na nuachtlitreach.



Sonraí teagmhála:

Ríomhphost: **newsletter@ncca.ie**
Facs: **01 661 7180**
Láithreán Gréasáin: **www.ncca.ie**

Seoladh Poist: **An tEagarthóir, info@ncca,**
**An Chomhairle Náisiúnta**
**Curaclaim agus Measúnachta**
**24 Cearnóg Mhuirfean**
**Baile Átha Cliath 2.**

# nuashonruithe


Tuairiscí ar dhul chun cinn agus tionscnaimh nua

## Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile, Céim 2

Gabhaimid buíochas mór leis na múinteoirí uile a ghlac páirt sa dara céim den Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile (ACB). Chomhlánaigh beagnach 1,400 múinteoir ó 200 scoil ár gceistneoirí, agus ghlac múinteoirí in ocht scoil páirt sa chás-staidéar scoile. Is mór againn bhur n-ionchur. Cuirfear tuairisc dheiridh an ACB, Céim 2 ar láithreán gréasáin na CNCM i rith an tsamhraidh. Bí ag faire amach do shonraí breise faoi thorthaí agus faoi mholtaí na tuairisce sa chéad eagrán eile de **info@ ncca**.

## Rud éigin le rá faoin tsraith shinsearach?

Tá rud éigin le rá agat? Mar sin, bí ag faire amach don deis do chuid tuairimí a nochtadh san fhómhar. Is fíor é, beidh an deis agat go luath a insint dúinn céard a cheapann tú faoi na forbairtí nua atá ar siúl sa tsraith shinsearach. Táimid ag ullmhú pacáiste comhairliúcháin a dhéanfaidh cur síos ar roinnt ábhar nua, ar roinnt athruithe ar ábhair reatha agus ar athruithe molta ar mheasúnacht, i measc forbairtí spéisiúla eile. Scaipfear pacáistí ar na scoileanna uile i mí Dheireadh Fómhair, agus táimid ag tnúth go mór le do thuairimí a chloisteáil. Idir an dá linn, féach ar **www.ncca.ie/ seniorcycle** chun níos mó a fháil amach.




## Eolaíocht i mbunscoileanna

Tá an tionscadal taighde ar eolaíocht i mbunscoileanna beagnach tugtha chun críche. Rinne an Dr. Janet Varley agus a foireann ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, an taighde seo agus cuirfidh sé lenár dtuiscint ar eispéiris leanaí le curaclam na heolaíochta. i dtaca le torthaí an Athbhreithnithe ar Churaclam na Bunscoile, cabhróidh na torthaí seo linn moltaí a aithint faoi céard ba chóir a dhéanamh. Fair amach don tuairisc dheiridh ar láithreán gréasáin na CNCM i mí an Mheithimh.

## Creat don Luathfhoghlaim

Teastaíonn uait a fháil amach faoi céard atá ar siúl leis an *gCreat don Luathfhoghlaim?*
Beidh áthas ort a fháil amach go bhfuil forbairt an chreata beagnach tugtha chun críche agus tá súil againn é a fhoilsiú go luath in 2009. Idir an dá linn, féach ar an leathanach faoi oideachas na luathóige ar láithreán gréasáin na CNCM chun nuashonruithe rialta agus faisnéis bhreise a fháil. Tá dhá pháipéar chúlra nua ann freisin, agus mar sin, tugtar chun críche an tsraith cheithre pháipéar a leagann amach an teoiric, an taighde agus an cleachtas 'taobh thiar' den chreat. Tá na páipéir dírithe ar na réimsí seo:

- Luathfhoghlaim agus luathfhorbairt leanaí
- Oideachas agus cúram
- Ag foghlaim trí spraoi
- Ag tacú le foghlaim trí mheán measúnachta.

## Torthaí a roinnt le tuismitheoirí

An cuimhin leat an DVD faoi fhoghlaim leanaí sa bhunscoil, agus an leabhrán leictreonach faoin gcuraclam a cuireadh ar fáil leis? Nó an bhileog leideanna, *Ag léamh agus ag scríobh – conas cabhrú le do leanbh a bheith ullamh?* Anois, tá dhá bhileog nua forbartha do thuismitheoirí againn, a bhaineann le tástáil chaighdeánaithe.

Míníonn na bileoga céard is ciall le torthaí na dtástálacha, ceann amháin ag úsáid scóir STen agus an ceann eile dírithe ar scóir chaighdeánaithe. D'fhéadfaidís a bheith mar acmhainn úsáideach duit sna seachtainí amach romhainn má tá tú chun tástálacha caighdeánaithe a úsáid le do rang(anna). Is féidir féachaint orthu trí na naisc ar **www.ncca.ie/primary/ assessment** a leanúint.

## Treoirlínte don phacáiste digiteach

Ba chúis mhór iontais í formáid nuálaíoch na *dTreoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí le Míchumais Ghinearálta Foghlama.* Sa 'phacáiste digiteach' tá leabhrán a thugann forbhreathnú agus CD-ROM ar a bhfuil na 44 treoirlíne ar fad. Anois tá físeán gearr nó 'Turas Tapa' cruthaithe againn chun cabhrú leat na treoirlínte




sin a rochtain agus teacht ar na rudaí atá ag teastáil uait. Léiríonn an turas roinnt gnéithe den CD-ROM, mar shampla, conas na treoirlínte a chuardach le haghaidh focal tábhachtach nó frásaí tábhachtacha nó conas an téacs atá ag teastáil uait a chóipeáil agus a ghreamú.

Is féidir le múinteoirí ábhar atá cuí do láidreachtaí pearsanta agus riachtanais foghlama gach dalta a roghnú. Chun teacht ar an Turas Tapa, téigh chuig **www.ncca.ie/postprimary/inclusion** agus lean an nasc 'Riachtanais Oideachais Speisialta'.

## Foghlaim in ionaid choinneála/ chúraim

Tá dréacht-chreat curaclaim forbartha ag an CNCM le húsáid i scoileanna coinneála, in aonaid ardtacaíochta agus in aonaid chúraim speisialta a bhfuil daoine óga iontu. Ba bhreá linn do thuairim faoi na tograí a chloisteáil más múinteoir nó páirtí leasmhar tú sna haonaid agus sna scoileanna a bhaineann leis na suímh seo. Is féidir an dréacht-chreat curaclaim a íoslódáil ó láithreán gréasáin na CNCM mar cheistneoir comhairliúcháin, agus is féidir é a chomhlánú ar líne freisin. Táimid ag tnúth go mór le do thuairimí a fháil.

**Le tuilleadh faisnéise a fháil ar aon cheann de na tionscadail a luaitear ar an leathanach seo, tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin www.ncca.ie. Chun tuairim a thabhairt ar info@ncca nó chun topaicí ar chóir dúinn déileáil leo a mholadh, seol ríomhphost chuig: newsletter@ncca.ie**

# Eolas faoi athruithe

## Forbairt an tsiollabais sa tsraith shóisearach

**Cuireadh an curaclam nua bunscoile i bhfeidhm agus tá athchóiriú mór á dhéanamh ar an tsraith shinsearach faoi láthair - ach céard atá ag tarlú le curaclam na sraithe sóisearaí?**

**Tá a lán rudaí ar siúl, cinnte! Tá athruithe ar shiollabais ábhair, a pléadh ar feadh i bhfad, ag teacht i ngiorracht dúinn.**

### Athchothromú agus céard atá i gceist leis

An chéad phíosa nuachta ná go ndearnadh 'athchothromú' ar chúig shiollabas agus tá siad réidh don chomhairliúchán anois. Is iad sin: **Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh; Béarla; Ceol; Stair;** agus **Eacnamaíocht Bhaile**. Is féidir gach dréacht-siollabas a íoslódáil ó láithreán gréasáin na CNCM **www.ncca.ie/juniorcycle** anois.

Is éard a bhí i gceist le hathchothromú na siollabas ná

- an siollabas a thabhairt cothrom le dáta agus aon fhorluí neamhriachtanach leis an siollabas a mhúintear ag leibhéal bunscoile, nó in ábhair eile sa tsraith shóisearach, a bhaint amach
- an siollabas a ailíniú le haon athruithe déanta ag leibhéal na hArdteistiméireachta
- an siollabas a athscríobh i dteimpléad coiteann
- torthaí foghlama a scríobh do gach cuid den siollabas
- a thaispeáint conas a nascann an siollabas le Curaclam na Bunscoile agus conas a eascraíonn sé as
- mionathruithe a dhéanamh ar mheasúnacht.

### Nach ionann é sin agus na hábhair seo a leasú?

Cé go mb'fhéidir go bhfuil an chuma air go bhfuil a lán athruithe déanta, is éard atá i gceist leis an obair i ndáiríre ná spás agus am a chur ar fáil. Aithneoidh tú fós formhór na míreanna, nó na míreanna uile, a bhíonn á múineadh agat ón siollabas reatha.



## Cé a rinne an obair seo?

Rinne coistí cúrsa ionadaíocha na CNCM an t-athchothromú, agus rinne gach coiste iarracht siollabas nua-aimseartha, líomhchóirithe a fhorbairt a léiríonn go soiléir céard atá le teagasc agus céard atá le foghlaim. Bhí siad cúramach freisin maidir le cinntiú gur coinníodh sláine gach ábhair.

## Cén fáth go ndearnadh na siollabais a athchothromú?

Le fada an lá, tá scoileanna agus múinteoirí den tuairim go bhfuil an iomarca ar churaclam na sraithe sóisearaí. Ach braitheann an forualach ar dhearcadh an dearcadóra áfach!

Go minic is fachtóir san 'fhorualach' seo cinneadh na scoileanna faoi líon na n-ábhar a mholann siadsan do dhaltaí a dhéanamh don Teastas Sóisearach.

Mar sin féin, ó thaobh an mhúinteora de, tá an chuma air go bhfuil níos lú agus níos lú ama acu leis an ábhar a mhúineadh. Tá daltaí ag athrú; tá raon inniúlachta níos leithne acu, tá cuid acu ag foghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise agus tá a stíleanna foghlama níos éagsúla, agus mar sin ní haon ionadh go bhfuil an chuma air go bhfuil na cúrsaí níos faide in áit a bheith níos giorra. Mar gheall air sin, agus mar gheall ar fhorluí laistigh d'ábhair agus idir ábhair, uaireanta níl go leor ama ar fáil leis an gcúrsa a dhéanamh ag an leibhéal de rannpháirtíocht foghlama ar mhian le múinteoirí a bheith ann idir na daltaí agus iad féin.

## Teimpléad Siollabais na Sraithe Sóisearaí

**Réamhrá**
Tugann sé seo faisnéis faoin gcineál ábhair i gceist agus faoin méid a chuireann sé le hoideachas na sraithe sóisearaí.

**Aidhmeanna**
Is ráitis leathana iad seo a mhíníonn conas a rachaidh staidéar ar an ábhar i gcion ar fhoghlaimeoir nó conas a athróidh sé é nó í.

**Cuspóirí**
Tá siad seo dírithe go sonrach ar chineál an eolais, na tuisceana, na scileanna agus na meonta atáthar ag súil le forbairt tríd an ábhar.

**Foramharc ar an siollabas**
Is tábla é seo ina gcuirtear i láthair codanna éagsúla an tsiollabais agus na roghanna ar fáil. Is treoir úsáideach don phleanáil é.

**Difreáil**
Tugann sé seo faisnéis faoi conas is féidir freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí uile trí chuir chuige éagsúla a úsáid i ndáil le foghlaim, teagasc agus measúnú.

**Measúnú**
Leagann sé seo amach na prionsabail leathana maidir le measúnú oideachasúil agus míníonn sé conas a dhéanfar an t-ábhar a mheasúnú chun críche teistiúcháin.

**Topaicí agus torthaí foghlama**
Déantar an chuid seo, cuid phríomhúil an tsiollabais, a mhiondealú de réir codanna agus topaicí. Leagtar an fhaisnéis amach i bhformáid shoiléir tháblach. Gné thábhachtach de ná go gcuimsítear torthaí foghlama le haghaidh gach aon topaice.

**Ráiteas faoi naisc**
Léiríonn sé seo conas a chuireann an t-ábhar le heispéireas bunscoile an dalta agus conas a nascann an t-ábhar leis an gcuraclam sa tsraith shinsearach.



info@ncca

## Cad iad na difríochtaí atá i gceist leis na siollabais athchothromaithe?

An chéad rud a thabharfaidh tú faoi deara faoi na siollabais athchothromaithe ná go gcuirtear i láthair i bhformáid éagsúil iad. Leagadh gach siollabas amach i dteimpléad coiteann. Leagtar amach míreanna an teimpléid ar leathanach 6.

## Conas is féidir le torthaí foghlama cabhrú le teagasc agus le foghlaim?

Is é an difríocht is mó idir na siollabais reatha agus na siollabais athchothromaithe ná an úsáid a bhaintear as torthaí foghlama. Cuireann torthaí foghlama ráitis shoiléire ar fáil faoi céard go díreach ba chóir a bheith ar eolas ag daltaí agus ba chóir do dhaltaí a bheith in ann a dhéanamh i ndiaidh staidéar a dhéanamh ar an ábhar. Mar gheall air sin, is féidir le torthaí foghlama tús maith a thabhairt duitse, an múinteoir, maidir le pleanáil do theagasc agus foghlaim. Cuireann siad creat ar fáil freisin chun inneachar agus scileanna a chomhtháthú agus chun cabhrú leat cinneadh a dhéanamh faoi na cuir chuige mheasúnaithe is fearr a úsáid.

## Cá bhfuil na siollabais athchothromaithe?

Tá spás comhairliúcháin tiomanta curtha ar fáil do na cúig ábhar ar láithreán gréasáin na CNCM. Is féidir leat teacht air ag **www.ncca.ie/juniorcycle**.

Nuair a roghnaíonn tú d'ábhar ar an láithreán, feicfidh tú cóip den siollabas athchothromaithe, cur síos ar na hathruithe a rinneadh ar an siollabas, agus ceistneoir ar líne.

## Conas is féidir liom mo thuairimí a chur in iúl?

Molaimid duit an siollabas agus na nótaí a íoslódáil ónár láithreán gréasáin agus an **ceistneoir ar líne** a chomhlánú. Is féidir leat é sin a dhéanamh leat féin, nó seans gurbh fhearr leat an siollabas a phlé le comhghleacaithe i do rannóg ábhair agus freagra grúpa a thabhairt. Féadfaidh deis a bheith agat do thuairimí a chur in iúl trí mheán do chumainn ábhair freisin.

**Ná déan dearmad – beidh an comhairliúchán ar siúl go dtí deireadh mhí na Bealtaine.**

## Céard a tharlóidh don aiseolas uait?

Tiomsóimid an t-aiseolas faoi na siollabais uile. Ansin, buailfidh na coistí cúrsa le haghaidh gach ábhair le chéile chun cibé leasuithe a bhfuil gá leo a dhéanamh. Nuair a thabharfar na siollabais chun críche, déanfaidh Coiste Athbhreithnithe na Sraithe Sóisearaí gach siollabas a mheas, agus cuirfear faoi bhráid Chomhairle na CNCM iad le haghaidh formheasa.

Ná déan dearmad, tá an deis agat do thuairimí faoi na siollabais athchothromaithe (Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh; Béarla; Ceol; Stair; agus Eacnamaíocht Bhaile) a chur in iúl trí mheán an chomhairliúcháin ar líne, atá ar **www.ncca.ie/juniorcycle** anois.

Coinnigh súil amach do chomhairliúcháin bhreise faoi ábhair leasaithe ar láithreán gréasáin na CNCM sa todhchaí!

> **“Cé go mb'fhéidir go bhfuil an chuma air go bhfuil a lán athruithe déanta, is éard atá i gceist leis an obair i ndáiríre ná spás agus am a chur ar fáil.”**

# Céard atá ag tarlú in ábhair eile na sraithe sóisearaí?

**Seo duit foramharc ar na forbairtí atá ar siúl i réimsí eile de churaclam na sraithe sóisearaí.**

**Staidéar Gnó:**

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an siollabas agus tá sé á ailíniú le cúrsa nua Gnó na hArdteistiméireachta.

**An Ghaeilge:**

Tá an siollabas á choigeartú chun aird a thabhairt ar athruithe a eascraíonn as béim mhéadaithe ar chumas labhartha daltaí i scrúdú an Teastais Shóisearaigh.

**Ábhair teicneolaíochta:**

Beidh siad seo leasaithe de réir creat comhchoiteann agus tá obair ar siúl ar an gcéad cheann de na hábhair seo, Grafaic Theicniúil, cheana féin. Déanfar an t-ábhar a ailíniú leis an siollabas nua sa tsraith shinsearach.

**Ábhair chlasaiceacha:**

Tá ábhar nua á fhorbairt ar a dtugtar Clasaicí. Cuimseoidh sé na trí ábhar reatha: Laidin, Sean-Ghréigis agus an Léann Clasaiceach.

**Nuatheangacha (Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, agus Iodáilis)**

Forbraíodh na hábhair sin de réir creata coitinne le torthaí foghlama. Beidh siad i measc an chéad ghrúpa ábhar eile a ndéanfar athchothromú orthu.

**Tíreolaíocht:**

Tá céim dheiridh an athchothromaithe bainte amach ag Tíreolaíocht, agus beidh an siollabas ar fáil le haghaidh comhairliúcháin níos déanaí i mbliana.

**Matamaitic**

Tá forbairtí spéisiúla ar siúl sa Mhatamaitic trí *Thionscadal Mata*. Is féidir leat léamh faoi *Thionscadal Mata* níos déanaí san eagrán seo de **info@ncca.**

**Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil:**

Anois tá OSSP sa chóras le níos mó ná deich mbliana anuas. Tabharfaidh athbhreithniú ar an siollabas aird ar thabhairt isteach molta d'ábhar gaolmhar sa tsraith shinsearach, Polaitíocht agus an tSochaí.

# An CNCM

In 2008, tá aois na haibíochta bainte amach ag an CNCM. Táimid ar an saol anois le 21 bliain anuas, agus mar sin, mar aon leis na daoine uile ag aois 21, shocraíomar go raibh sé in am dúinn dul amach agus níos mó a fheiceáil i ndomhan an oideachais, nó ar a laghad, a chinntiú go bhfeiceann an domhan oideachais níos mó dínn!

Más príomhoide nó leas-phríomhoide bunscoile tú, seans go bhfaca tú seastán na CNCM ag comhdháil IPPN (Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann) i gCill Airne – tá an ceart agat, ba é an seastán leis an tseacláid é! Bhí an deis ag ionadaithe ag an gcomhdháil bualadh le foireann na CNCM, ceisteanna a chur faoi thionscadail éagsúla, féachaint ar na foilseacháin agus cóipeanna breise a eagrú do chomhghleacaithe. Maidir linne, bhí deis againn cloisteáil faoi conas a úsáidtear treoirlínte CNCM i scoileanna, moltaí a fháil faoin obair ar chóir dúinn a dhéanamh agus labhairt faoi Churaclam na Bunscoile atá ag druidim lena cheiliúradh deich mbliana anois.

Bhíomar ag Dáil na nÓg i bPáirc an Chrócaigh i mí Feabhra freisin chun éisteacht le hionadaithe trasna na tíre a tháinig le chéile chun athchóiriú oideachais agus an mheabhairshláinte a phlé. I rith na bliana, beidh seastán na CNCM agus foireann na CNCM ag comhdhálacha agus imeachtaí do mhúinteoirí, do phríomhoidí agus do lucht bainistíochta scoileanna. Buail isteach. Caith súil orainn. Labhair linn. Tóg seacláid!

Ní hamháin go bhfuilimid ag obair ar ár gcuma 'fhíor', tá sé beartaithe againn roinnt feabhas a chur ar ár láithreacht 'fhíorúil' i ndomhan an oideachais freisin. Is dócha gur chuala tú faoi **www.action.ncca.ie** cheana féin (agus is féidir leat níos mó a léamh faoi san eagrán seo). Ar láithreán gréasáin nua na CNCM – Measúnacht, Curaclam agus Nuálaíocht sa Teagasc ar an Idirlíon (ACTION) – is féidir leat teacht ar stuif oíche Domhnaigh, mar a thugaimid féin air – ceachtanna samplacha, ábhar a bhaineann le Measúnú chun Foghlama (McF), an creat TFC, ábhair tacaíochta do Bhéarla mar Theanga Bhreise (EAL)..... na rudaí a d'fhéadfá a bheith á lorg ar thráthnóna Domhnaigh agus tú ag eagrú na seachtaine amach romhat!

Ach tá rudaí againn don chuid eile den tseachtain freisin. Tá ag éirí go maith leis na podchraoltaí faoi mheasúnú sa seomra ranga – de réir scéil, bhí daoine ag féachaint orthu ar thraenacha agus ar bhusanna ar fud na tíre, le cois ar laethanta inseirbhíse d'fhoirne scoile.

Tá múinteoirí faoi oiliúint ag íoslódáil ábhar ón láithreán freisin. Baineann múinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí a oibríonn i dteagmháil bhaile, scoile agus an phobail úsáid as leagan líomhchóirithe an DVD do thuismitheoirí leanaí i mbunscoileanna. Táimid ag fáil a lán aiseolais, agus go leor moltaí don chéim eile de ACTION, agus mar sin is fiú súil a choinneáil air sin freisin!

## ★ Ionaid Oideachais Lánaimseartha

Tabhair cuairt ar an 'lá CNCM' i d'Ionad Oideachais áitiúil. Dátaí ar fáil ag **www.ncca.ie**.

| | | |
|---|---|---|
| **Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain** | Teil: 090 - 642 0400 | www.athedcen.com |
| **Ionad Oideachais na Carraige Duibhe** | Teil: 01 - 236 5000 | www.blackrockec.ie |
| **Ionad Oideachais Chora Droma Rúisc** | Teil: 071 - 962 0383 | www.Carrickedcentre.ie |
| **Ionad Oideachais an Chláir** | Teil: 065 - 684 5500 | www.clare-education-centre.ie |
| **Ionad Tacaíochta Oideachais Chorcaí** | Teil: 021 - 425 5600 | www.cesc.ie |
| **Ionad Oideachais Dhún na nGall** | Teil: 074 - 97 23487 | www.ecdonegal.ie |
| **Ionad Oideachais Dhroim Conrach** | Teil: 01 - 857 6400 | www.ecdrumcondra.ie |
| **Ionad Oideachais Iarthar Bhaile Átha Cliath** | Teil: 01 - 452 8000 | www.dwec.ie |
| **Ionad Oideachais na Gaillimhe** | Teil: 091- 74 5600 | www.galwayec.ie |
| **Ionad Oideachais Chill Dara** | Teil: 045 - 53 0200 | www.eckildare.ie |
| **Ionad Oideachais Chill Chainnigh** | Teil: 056 - 776 0200 | www.eckilkenny.ie |
| **Ionad Oideachais Laoise** | Teil: 0502 - 7 2400 | www.laoisedcentre.ie |
| **Ionad Oideachais Luimnigh** | Teil: 061 - 31 2360 | www.lec.ie |
| **Ionad Oideachais Mhaigh Eo** | Teil: 094 - 902 0700 | www.ecmayo.ie |
| **Ionad Oideachais Mhuineacháin** | Teil: 047 - 7 4000 | www.metc.ie |
| **Ionad Oideachais na hUaimhe** | Teil: 046 - 906 7040 | www.ecnavan.ie |
| **Ionad Oideachais Shligigh** | Teil: 071- 913 8700 | www.ecsligo.ie |
| **Ionad Oideachais Thrá Lí** | Teil: 066 - 719 5000 | www.edcentretralee.ie |
| **Ionad (Oideachais) Mhúinteoirí Phort Láirge** | Teil: 051 - 31 1000 | www.wtc.ie |
| **Ionad Oideachais Iarthar Chorcaí** | Teil: 023 - 5 6756 | www.westcorkeducationcentre.com |
| **Ionad Oideachais Loch Garman** | Teil: 053 - 923 9100 | www.ecwexford.ie |

# in 2008

## Ag teacht chuig áit gar duit


Ach mura dtéann tú chuig comhdhálacha, agus mura dtaitníonn spás fíorúil leat, an mbeidh deis agat bualadh leis an CNCM i mbliana? Gan amhras, beidh. I rith na bliana, beidh an CNCM ag teacht chuig Ionad Oideachais gar duit. Ar an Lá CNCM i d'ionad áitiúil beidh foireann na CNCM ar fáil do dhaoine a theastaíonn uathu bualadh isteach chun labhairt faoi chúiseanna imní ar leith, nó faoi mholtaí maidir le curaclam agus measúnacht bunscoile nó iar-bhunscoile, nó chun cóipeanna d'fhoilseacháin na CNCM a fháil. Cuirtear fáilte roimh chleachtóirí luathóige freisin agus beimid in ann sibh a chur ar an eolas faoin gCreat don Luathfhoghlaim. Cuirfimid roinnt seisiún iarnóna ar fáil mar chuid de na comhairliúcháin faoi shiollabais leasaithe nó athchothromaithe – beidh spéis ar leith agat iontu má tá d'ábhar féin sa liosta d'ábhair atá ag 'athrú'. Um thráthnóna, beidh seimineár againn do mhúinteoirí agus do phríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile faoi ghnéithe éagsúla d'obair na CNCM. Mar sin, má tá ceist ar leith, cúis imní, moladh nó idé agat, bí ag faire amach do na sonraí a bheidh ag teacht chuig do scoil faoi do Lá CNCM áitiúil.

Ach, b'fhéidir nach bhfuil d'ionad oideachais 'áitiúil' i ndáiríre. B'fhéidir nach bhfuil seimineár nó seisiún buailte isteach oiriúnach duit....an bhféadfadh an CNCM teacht chuig do scoil? D'fhéadfaimis, má éiríonn leat roinnt scoileanna a thabhairt le chéile! Is minic a iarrtar orainn teacht chuig laethanta foirne nó laethanta pleanála scoile, ach toisc gur eagraíocht bheag muid (cé go n-oibrímid go dian) ní féidir linn glacadh leis na cuirí sin. Mar sin féin, má thagann grúpa scoileanna i mbaile nó i gceantar le chéile, de ghnáth éiríonn linn cabhrú leo, agus i mbliana táimid chun tosaíocht ar leith a thabhairt don obair seo, go háirithe nuair atá an oiread sin comhairliúcháin ar siúl faoin tsraith shóisearach agus shinsearach.

Tá súil againn bualadh le go leor agaibh i rith 2008, go fíorúil nó go pearsanta. Má theastaíonn uait teagmháil a dhéanamh linn chun ceist a chur nó chun a fháil amach faoin obair atá ar siúl – ná déan dearmad gur féidir leat glao a chur ar ár n-oifig i mBaile Átha Cliath i gcónaí. Ó go luath in 2008, tá an oifig ar oscailt ar feadh am lóin ar an gCéadaoin mar fhreagairt ar aiseolas, go háirithe ó mhúinteoirí iar-bhunscoile a dúirt gur mhór an trua é go raibh oifigí na CNCM dúnta gach uair a d'fhéadfaidís glao a chur orainn. Mar a tharlaíonn, bhí an ceart acu! Faighimid a lán fiosrúchán ag an am sin. Ach is féidir leat glao a chur aon uair i rith na n-amanna liostaithe. Agus má tá tú os comhair ríomhaire atá ar líne, ná déan dearmad ríomhphost a chur chugainn. Gheobhaidh tú freagra i gcónaí, de ghnáth laistigh de dhá lá. Fan i dteagmháil linn!

| Uaireanta Oscailte Oifig na CNCM | |
|---|---|
| An Luan | 9.15 – 12.45<br>1.45 – 5.30 |
| An Mháirt | 9.15 – 12.45<br>1.45 – 5.30 |
| An Chéadaoin | 9.15 – 5.30 |
| An Déardaoin | 9.15 – 12.45<br>1.45 – 5.30 |
| An Aoine | 9.15 – 12.45<br>1.45 – 5.15 |
| Teil | 01 661 7177 |
| Ríomhphost | info@ncca.ie |

## IONAID OIDEACHAIS



# Tionscadal Mata

**An Mhatamaitic, ach ar bhealach éagsúil!**

An dtaitníonn an mhatamaitic le do dhaltaí? Cén eispéireas a bhí agat féin leis an matamaitic? An múinteoir matamaitice tú atá ag iarraidh rudaí a dhéanamh ar bhealach éagsúil, ach nach bhfuil cinnte faoi conas é a dhéanamh agus cá háit ar chóir duit acmhainní a fháil? Is iad sin roinnt de na saincheisteanna atáthar chun aghaidh a thabhairt orthu i dtionscnamh nua don mhatamaitic iar-bhunscoile – *Tionscadal Mata*. Tá athrú chun teacht ar oideachas matamaitice dara leibhéal!

## Cén difríocht atá i gceist le cur chuige *Tionsacadail Mhata*?

Seans go bhfuil taithí agat ar an gcur chuige traidisiúnta maidir le curaclam a athrú, ina ndéanann coiste cúrsa ionadaíoch athbhreithniú ar an ábhar i gcomhar leis an CNCM sula gcuirtear an siollabas i bhfeidhm le cabhair ó sheirbhís tacaíochta. Tá cur chuige nua i gceist leis an tionscadal seo, mar beidh tú, an múinteoir, agus do dhaltaí, páirteach ón tús. Ar an mbealach seo, bíonn tionchar díreach ag *eispéiris ó ghnáthshaol* na múinteoirí agus na ndaltaí maidir le teagasc agus foghlaim na matamaitice ar phróiseas forbartha an tsiollabais.

## Cén fáth a bhfuil na siollabais á n-athrú againn?

### Feidhmíocht daltaí

Is cúis imní mhéadaitheach í feidhmíocht daltaí sa mhatamaitic, agus ní mór athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar na siollabais. Cé go ndearnadh roinnt athruithe ar shiollabais agus scrúduithe an Teastais Shóisearaigh, ba léir go raibh gá le hathbhreithniú mór agus ollchóiriú. Aithníodh freisin go raibh gá le cuir chuige nua maidir le teagasc agus foghlaim chun cur ar chumas daltaí tuiscint níos doimhne a fháil ar an matamaitic agus a scileanna a fhorbairt ar bhealach a thabharfadh deis dóibh a bheith níos ullmhaithe do staidéar breise agus dá saolta amach anseo.

D'ullmhaigh an CNCM plépháipéar agus d'úsáid sí na freagraí a fuarthas ar a comhairliúchán chun tograí a fhorbairt d'athrú churaclam na matamaitice iar-bhunscoile. Ba léir ó thaighde a rinne an ESRI i scoileanna go raibh gá le súil a chaitheamh ar na leibhéil siollabais éagsúla arís, agus ar na cúiseanna leis na leibhéil a roghnaíonn daltaí agus an tráth ag a ndéanann siad na roghanna sin. I gcomparáid le formhór na n-ábhar eile, tá níos lú daltaí ag déanamh na matamaitice Ardleibhéil (sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht araon), rud a théann i gcion ar chúrsaí tríú leibhéal agus ar ghairmeacha a bhíonn ag brath ar an matamaitic.

*'Go minic leis an matamaitic, leanaim an modh a úsáidtear ach ní thuigim cén fáth ar chóir dom é sin a dhéanamh. I ndiaidh tamaill, faighim roinnt tuisceana ar an réasúnaíocht.'* **(Dalta)**

## Ag dul ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil

Léirigh an staidéar ESRI freisin go raibh sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar an athrú ó mhatamaitic bhunscoile go matamaitic dara leibhéal, agus iarracht a dhéanamh comhleanúnachas méadaithe a chur ar fáil idir an dá rud. Chun é sin a dhéanamh, forbraíodh nasc-chreat idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna chun foghlaim agus teagasc sa bhunscoil a nascadh le foghlaim agus teagasc dara leibhéal (go háirithe, ach ní go heisiach, le linn na chéad bhliana den tsraith shóisearach).

Chun go mbeadh ailíniú méadaithe idir matamaitic bhunscoile agus iar-bhunscoile, aithníodh cúig shnáithe a chuirfear i bhfeidhm i siollabais Mhatamatice an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta:

1. Staitisticí agus dóchúlacht
2. Céimseata agus triantánacht
3. Uimhríocht
4. Ailgéabar
5. Feidhmeanna.

*'Cé mhéad cumarsáide a dhéantar idir múinteoirí Bunscoile agus Iar-Bhunscoile i ndáil le heolas ar/cur i bhfeidhm na gcuraclam seo? Beagnach dada, déarfainn.'* **(Múinteoir matamaitice)**

## Conas a chuirfear na hathruithe i bhfeidhm?

Is éard atá i gceist le *Tionscadal Mata* ná athruithe ar churaclam na matamaitice a chur i bhfeidhm sna scoileanna uile ar bhonn céimnithe thar thréimhse ceithre bliana ag tosú i 2010, agus beidh tionchar aige ar an tsraith shóisearach agus shinsearach araon. Cuirfear na hathruithe i bhfeidhm i ndiaidh na tréimhse tosaigh dhá bhliain a ndéanfar idirghníomhú dian le grúpa tosaigh scoileanna lena linn.

## Mar sin, céard a bheidh éagsúil?

### Codáin a fheiceáil

Tugadh ¾ de bharra seacláide do John chun é a roinnt lena chara. Thug sé 1/3 dá chara agus choimeád sé 2/3 dó féin. Tarraing léaráid chun é sin a chur in iúl agus chun a fháil amach cén codán den bharra a choimeád John dó féin.

**3/4 den bharra**



**2/3 den 3/4**



**2/3 x3/4 = 6/12 = 1/2**

**Freagra:**
Fuair John 6/12 nó 1/2 den bharra

Sna siollabais leasaithe, cuirfear an mhatamaitic in iúl do dhaltaí i gcomhthéacsanna a bheidh níos ábhartha. Forbróidh siad a smaointeoireacht chriticiúil agus a scileanna fadhbréitigh agus déanfaidh siad patrúin agus caidrimh sa



mhatamaitic a iniúchadh, ag cur lena n-eispéiris sa bhunscoil agus ag bogadh ar aghaidh chuig coincheapa níos teibí de réir a chéile. Foghlaimeoidh siad conas a gcuid eolais agus scileanna matamaitice a chur i bhfeidhm, forbróidh siad muinín as a gcumas féin matamaitic 'a dhéanamh' agus leagfar síos bonn a chuirfidh ar a gcumas raon cúrsaí agus gairmeacha níos leithne a dhéanamh, lena n-áirítear cúrsaí agus gairmeacha a bhfuil an mhatamaitic i gceist leo.

*'Bheadh cúrsa matamaitice na hardteistiméireachta níos suimiúla dá mbeadh fadhbanna a bhainfeadh leis an ngnáthshaol le réiteach.'*
**(Téacsteachtaireacht ó dhalta)**

## An ndéanfar athbhreithniú ar na leibhéil siollabais uile?

Is é cuspóir na n-athruithe ar na siollabais agus scrúduithe líon níos mó daltaí a spreagadh chun Matamaitic Ardleibhéil a dhéanamh sa Teastas Sóisearach. Is í an sprioc atá ceaptha ná go ndéanfaidh 60% de dhaltaí an Teastais Shóisearaigh matamaitic ardleibhéil, agus tá súil againn go leanfaidh leath de na daltaí sin ar aghaidh chun matamaitic Ardleibhéil a dhéanamh sa tsraith shinsearach.  Bheadh sé sin cuid mhaith níos fearr ná na leibhéil reatha. Déanfaidh an 40% fágtha staidéar ar shiollabas Gnáthleibhéil coigeartaithe. Déanfar athbhreithniú ar an socrú seo le linn na chéad chéime den tionscadal. Má tá sé soiléir go bhfuil gá le leibhéal scrúdaithe ar leithligh ag leibhéal níos ísle chun freastal ar roinnt daltaí, beidh an scrúdú sin bunaithe ar an siollabas Gnáthleibhéil coigeartaithe freisin.

## Céard faoi na scrúduithe?

Mar chuid de na leasuithe ar shiollabais, cuirfear athruithe ar cheisteanna scrúdaithe i bhfeidhm ar bhonn céimnithe, ag freagairt do na snáitheanna a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu. Mar sin, feicfidh an chéad ghrúpa daltaí athrú ar na ceisteanna scrúdaithe staitisticí agus dóchúlachta, céimseata agus triantánachta ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta. Mar thoradh ar an gcéimniú agus an t-idirghníomhú le grúpa tosaigh scoileanna, beidh roinnt ceisteanna scrúdaithe ag daltaí sa chéad ghrúpa scoileanna a bheidh éagsúil ó na ceisteanna a fhaigheann daltaí sna scoileanna uile eile.

Bainfidh na ceisteanna úsáid as cur chuige éagsúil, ag léiriú na béime athraithe i *dTionscadal Mata*, ach beidh caighdeán, raon agus rogha na gceisteanna mar an gcéanna do na hiarrthóirí uile.

## Conas a roghnaíodh grúpa tosaigh na scoileanna?

Rinneadh teagmháil le gach scoil i mí an Aibreán agus tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sa tionscadal. Bunaithe ar chritéir aontaithe, roghnaíodh sampla ionadaíoch scoileanna (bunaithe ar chineál na scoile, méid, inscne, srl.) ó na scoileanna a thug le fios go raibh suim acu páirt a ghlacadh sa tionscadal, agus táthar ag déanamh teagmhála leis na scoileanna sin faoi láthair chun a rannpháirtíocht a dhearbhú. Ná bí buartha mura bhfaigheann do scoil seans a bheith páirteach sa ghrúpa tosaigh mar coinneoimid ar an eolas sibh faoi fhorbairtí uile an tionscadail (lena n-áirítear pleananna do cheachtanna!) ar **www.ncca.ie**.

## Céard a dhéanfaidh na scoileanna seo?

Tabharfaidh na scoileanna snáitheanna siollabais leasaithe isteach ar bhonn céimnithe, ag tosú leis na daltaí sa chéad bhliain agus sa chúigiú bliain i Mí Mheán Fómhair seo chugainn. Tabharfar tacaíocht do mhúinteoirí matamaitice chun cabhrú leo na siollabais athraithe a chur i bhfeidhm le gach ceann dá ranganna, ag úsáid na modhanna teagaisc agus na hábhair acmhainne a chuirfear ar fáil, le tacaíocht ghairmiúil ó Sheirbhís Tacaíochta Mhatamaitice. Cuirfidh eispéireas na múinteoirí agus a gcuid daltaí ar chumas na CNCM a mhéid is féidir a fhoghlaim faoi na leasuithe ar an siollabas, agus faoi na hacmhainní teagaisc agus foghlama, chun cabhrú linn aon choigeartuithe a mbeidh gá leo a chur i bhfeidhm sula gcuirtear na leasuithe i bhfeidhm agus na hacmhainní ar fáil sna scoileanna uile.

## Céard faoi théacsleabhair?

Cuirtear na foilsitheoirí ar an eolas faoi na forbairtí ar bhonn leanúnach agus déanfaidh siad an cinneadh faoi cathain ar chóir eagráin leasaithe de na téacsleabhair a fhoilsiú. Bainfear úsáid as téacsleabhair reatha agus ábhair acmhainne nua do na snáitheanna siollabais leasaithe nuair a thabharfar na hathruithe isteach ar dtús. Tabharfar na hacmhainní seo do na scoileanna a bheidh páirteach sa chéad chéim den tionscadal ach beidh rochtain ag na scoileanna uile orthu ar **www.ncca.ie**.

## Céard faoi scoileanna nach bhfuil páirteach ón tús?

Cé nach mbeidh ach grúpa beag scoileanna páirteach ón tús, cuirfidh na scoileanna uile na hathruithe céimnithe i bhfeidhm de réir a chéile. Beidh faisnéis faoi *Thionscadal Mata* lena n-áirítear sceidil, snáitheanna siollabais leasaithe agus ábhair tacaíochta ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM agus beidh nuashonruithe san áireamh sna teachtaireachtaí a sheolann an CNCM chuig scoileanna.

Gheobhaidh na múinteoirí matamaitice uile tacaíocht ghairmiúil, lena n-áirítear ábhair acmhainne don seomra ranga, sula gcuirfear na hathruithe siollabais i bhfeidhm agus le linn a gcur i bhfeidhm. Mar sin, ná déan dearmad súil a choinneáil ar ár láithreán gréasáin, **www.ncca.ie**, chun bheith ar an eolas faoi na forbairtí corraitheacha uile i *dTionscadal Mata*.

# An Tuairisc

Chríochnaigh an CNCM tionscnamh le bunscoileanna le déanaí faoi thuairisciú do thuismitheoirí. Chun tús a chur leis an tionscnamh seo d'fhorbraíomar 11 teimpléad chárta tuairisce. Bhain scoileanna - 33 san iomlán – úsáid as cuid acu nuair a thuairiscigh siad do thuismitheoirí le linn na bliana agus ag deireadh na scoilbhliana.

Bhí 29 de na scoileanna sin ag comhoibriú go díreach leis an CNCM (15 acu i gcomhpháirtíocht leis an INTO) agus shocraigh 4 scoil bheith rannpháirteach trí úsáid a bhaint as na teimpléid deiridh-bhliana a d'íoslódáil siad ó láithreán gréasáin na CNCM. Is féidir na dréacht-teimpléid bhunaidh a fheiceáil agus a íoslódáil go fóill **(www.ncca.ie)**. Tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil siad uile difriúil óna chéile ag brath ar cé acu atá siad dírithe ar naíonáin nó ar rang a haon go dtí rang a sé, nó cé acu atá siad deartha do thuairisciú lárbhliana nó do thuairisciú deiridh-bhliana.

Chuir príomhoidí agus múinteoirí ó na scoileanna rannpháirteacha, chomh maith le cuid mhór de na tuismitheoirí a fuair na tuairiscí dá bpáistí, aiseolas chugainn ar a n-eispéiris leis na teimpléid agus thug siad léargais luachmhara dúinn ar na rudaí a mheas siad a bheith tábhachtach agus scoileanna á dtuairisciú do thuismitheoirí faoi dhul chun cinn a bpáistí.

Mar sin, cad iad na rudaí a d'inis múinteoirí agus tuismitheoirí dúinn a bhí tábhachtach sa tuairisciú?
Agus an raibh siad ar aon intinn?
Le fírinne, *bhí* siad *ar aon intinn,* ar **cheithre phríomhréimse**:

1. Tuairisciú ar dhul chun cinn an pháiste maidir le spriocanna an churaclaim a bhaint amach.
2. Tuairisciú ar mheon an pháiste mar fhoghlaimeoir.
3. Tuairisciú ar dhul chun cinn sóisialta agus pearsanta an pháiste.
4. Baint an pháiste sa phróiseas tuairiscithe agus cuidiú le tuismitheoirí chun tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim an pháiste.

Cé go rabhthas ar aon intinn faoi na ceithre réimse tábhachtacha, níl sa mhéid seo áfach ach an chéad chéim. Tá níos mó ceisteanna le breathnú agus le freagairt laistigh de gach réimse acu seo, ceisteanna a bhaineann leis an **mbealach is fearr** chun tuairisciú ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil.

## Príomhréimse 1:

### An bealach is fearr chun tuairisciú ar an gcuraclam

Cé mhéad mionsonraí ar chóir a sholáthar ar thuairiscí? Go bunúsach, bhí roinnt féidearthachtaí ar na teimpléid idir ceann ar a raibh ceannteidil leathana an churaclaim liostaithe agus ceann a bhí miondealaithe in ábhair agus i snáitheanna scoite.

Má bhíonn tú ag smaoineamh ar thuairisciú a dhéanamh ar réimse curaclaim (mar shampla ar theangacha) b'fhéidir go mbeidh teimpléad atá dírithe ar ranganna naíonán le ceannteideal ginearálta *Foghlaim agus Úsáid Teangacha* ann agus spás le trácht gearr a scríobh, nó spásanna faoi leith le h*Obair ó Bhéal, Léitheoireacht Éiritheach* nó *Scríbhneoireacht Luath* a thuairisciú agus boscaí tic in aice le gach ceannteideal chun leibhéal an dul chun cinn agus na gnóthachtála a léiriú.

Mar sin, sa sampla seo, tá **trí cheist thábhachtacha**

- → Ar chóir do scoileanna tuairisciú ar na réimsí curaclaim ar bhealach comhtháite nó snáithe ar shnáithe?
- → Ar chóir go ndéantar tuairisciú trí thráchtanna an mhúinteora (cur chuige insinte) nó trí úsáid a bhaint as ticeanna ar scála nó ar chontanam?
- → Má bhaintear úsáid as scálaí ar thuairiscí scoile (a léiríonn dul chun cinn ó 1 go 5, mar shampla) nó má bhaintear úsáid as chontanam (a léiríonn dul chun cinn trí thic a chur áit éigin ar líne idir ☹ agus ☺ ) nó fiú má chuirtear síos ar ghnóthachtáil nó ar dhul chun cinn trí thagairt do *Thar barr, Go maith, Go measartha* agus araile, cad é **go díreach** a chiallaíonn siad?

Bhí na freagraí ar na ceisteanna seo measartha aonchiallach...bhuel, braitheann sé!!

Maidir le tuairisciú ar an gcuraclam, bhí múinteoirí agus tuismitheoirí ar aon intinn, dá mhéad na mionsonraí faoin dul chun cinn agus faoin ngnóthachtáil b'amhlaidh ab fhearr. Ciallaíonn sin go raibh siad níos sásta nuair a liostaíodh na hábhair ceann ar cheann agus nuair a leagadh amach na réimsí *Béarla, Gaeilge* agus *Matamaitic* snáithe ar shnáithe. Ach cuireadh tuairimí láidre in iúl sa réimse seo mar an gcéanna le réimsí eile, go raibh formáid agus cuir chuige níos ginearálaithe níos oiriúnaí agus níos úsáidí nuair a bhí tuairisciú do ranganna naíonáin, agus go háirithe do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, á dhéanamh. Go bunúsach, bhí comhaontú ginearálta ann gur chóir go léiríonn an formáid tuairiscithe nadúr an teagaisc agus na foghlama chomh maith agus is féidir.

Chuir tuismitheoirí in iúl go raibh siad sásta nuair a scríobh múinteoirí a mbreithiúnais ar dhul chun cinn an pháiste i bhfoirm tráchta – ba mhór acu bheith ábalta a bpáiste a aithint i bhfocail an mhúinteora. Ar an lámh eile, agus iad ag aithint thábhacht na dtráchtanna insinte, thuig múinteoirí luach mór chruinneas agus *macántacht* na scálaí; bhí siad ag iarraidh a bheith soiléir, oibiachtúil agus cothrom.

**Ach**, ba cuid thábhachtach den chothroime sin, dar leo, an seasamh tacaíochta a bhí siad ag iarraidh a thabhairt do thuairisciú, agus mar sin fuarthas iad féin ag iarraidh bheith cruinn i dtuairisciú fhoghlaim an pháiste agus ag an am céanna ag féachaint gan iarracht agus díograis an pháiste i leith foghlama a lagú. Mar sin, ba é an freagra idéalach d'fhormhór na múinteoirí ná deis chun gnóthachtáil a thuairisciú trí phointe ar scála (ó 1 go 5 mar shampla) agus rogha chun trácht cáilitheach nó mínitheach a chur leis de réir mar ba ghá.

## Príomhréimse 2:

### An bealach is fearr chun tuairisciú ar mheon an pháiste mar fhoghlaimeoir

Cad é a bhí tábhachtach sa réimse seo dar le múinteoirí agus tuismitheoirí? Ba réimse nuálaíoch é seo i dteimpléid na CNCM agus chuir múinteoirí agus tuismitheoirí fáilte roimh an deis seo a bhí ag teastáil go géar chun foramharc ar fhoghlaim an pháiste a thabhairt. Measadh é go speisialta mar áit ina raibh an múinteoir ábalta tráchtanna dearfacha a scríobh faoin bpáiste arbh fhéidir go raibh a d(h)ul chun cinn teoranta in ainneoin go ndearna sé nó sí iarracht mhór le linn na bliana.

Cuireann an múinteoir tic nó 'x' ar an bpointe ar an gcontanam (féach an

# Scoile

## Leanann sí an teimpléad go díreach…

| DO PHÁISTE MAR FHOGHLAIMEOIR | | | |
|---|---|---|---|
| Tá suim aige/aici san fhoghlaim: feidhlíonn sé/sí agus glacann sé/sí páirt | LE TACAÍOCHT | ⟷ | GO NEAMHSPLEÁCH |
| Bíonn sé/sí ag smaoineamh go cruthaitheach agus réitíonn sé/sí fadhbanna | LE TACAÍOCHT | ⟷ | GO NEAMHSPLEÁCH |
| Críochnaíonn sé/sí obair scoile | LE TACAÍOCHT | ⟷ | GO NEAMHSPLEÁCH |
| Oibríonn sé/sí as a stuaim féin | LE TACAÍOCHT | ⟷ | GO NEAMHSPLEÁCH |
| Comhoibríonn sé/sí le daoine eile | LE TACAÍOCHT | ⟷ | GO NEAMHSPLEÁCH |
| Tugann sé/sí cúram don obair agus do rudaí | LE TACAÍOCHT | ⟷ | GO NEAMHSPLEÁCH |

| FORBAIRT SHÓISIALTA AGUS PHEARSANTA DO PHÁISTE | | | |
|---|---|---|---|
| **Dea-chaidreamh le páistí eile** | LE TACAÍOCHT | ⟷ | GO NEAMHSPLEÁCH |
| **Dáimh aige/aici le daoine fásta** | LE TACAÍOCHT | ⟷ | GO NEAMHSPLEÁCH |
| **Dea-iompar sa seomra ranga agus i gclós na scoile** | LE TACAÍOCHT | ⟷ | GO NEAMHSPLEÁCH |
| **Dea-bhainistiú ar mhothúcháin** | LE TACAÍOCHT | ⟷ | GO NEAMHSPLEÁCH |
| **(eile)** | LE TACAÍOCHT | ⟷ | GO NEAMHSPLEÁCH |

eiseamláir) a mheasann sé nó sí a oireann don pháiste. Mhol roinnt múinteoirí freisin gur chóir go mbeadh réimsí mar *Obair Bhaile* agus *Poncúlacht* clúdaithe mar cheannteidil sa rannán seo den tuairisc.

Is léir go raibh aiseolas ó thuismitheoirí ar an réimse seo den tuairisc tacúil agus mheas roinnt acu go soláthraíonn sé léargas níos doimhne ar an bpáiste ná mar a sholáthraíonn ráitis shimplí ar ghnóthachtáil acadúil.

## Príomhréimse 3 :

### An bealach is fearr chun tuairisciú ar dhul chun cinn sóisialta agus pearsanta an pháiste

Nuair a thagann tuismitheoirí chuig cruinnithe tuismitheora-múinteora, bíonn siad ag smaoineamh ar cheisteanna áirithe: *'An bhfuil mo pháiste sásta sa scoil?' 'An réitíonn sé/sí leis na páistí eile?'* Ar ndóigh, tá traidisiún ann tuairisciú a dhéanamh ar na gnéithe seo d'fhorbairt an pháiste i mbunscoileanna na hÉireann agus bhíothas ag brath go léireofaí é seo fosta ar na teimpléid (féach an eiseamláir).

## Príomhréimse 4:

### Tacú le rannpháirteachas an tuismitheora agus an pháiste

B'í an chomhairle a thug an múinteoir don tuismitheoir maidir leis na bealaí ar féidir le tuismitheoirí an próiseas foghlama a thacú sa bhaile a tháinig chun cinn mar cheann de bhuaicphointí na dteimpléad chárta tuairisce.

Bhí roinnt múinteoirí imníoch faoin réimse tuairiscithe ag an tús, mar gur mheas siad go mb'fhéidir go gceapfadh tuismitheoirí go raibh na múinteoirí ag cur isteach orthu agus go raibh an chomhairle seo, a thug siad le dea-rún, treallúsach. Léirigh aiseolas tuismitheoirí, áfach, cé chomh luachmhar is a mheas na tuismitheoirí go raibh an chomhairle ón scoil faoi na rudaí praiticiúla a d'fhéadfadh siad a dhéanamh chun tacú le foghlaim a bpáiste.

Bhí spás oscailte ar gach teimpléad ina raibh an páiste ábalta bheith rannpháirteach lena t(h)uairisc scoile. D'úsáid scoileanna áirithe an spás seo chun líníocht an pháiste dó/di féin agus é/í ag foghlaim a chur san áireamh, nó líníocht d'íomhá ón scoil, nó grianghraf den pháiste. Bhí leisce ar scoileanna eile chun an spás a úsáid ach amháin i gcás naíonán agus chomhaontaigh gach scoil gur ghné dhúshlánach den tuairisciú í rannpháirtíocht an pháiste a chur san áireamh.

## Cad iad na dushláin eile a bhí ann?

I measc na ndúshlán a eascraíodh, idir dushláin lóistíocúla agus eile, tá dhá cheann a d'fhéadfaí bheith cuidiúil. Is é an chéad dúshlán acu ná an bealach a bhaineann scoileanna leas as tuairisciú chun cuidiú leo dul i ngleic le riachtanais ilchineálacha teanga dhaonra tuismitheoirí bunscoile atá níos ilchultúrtha. Eascraíonn an dara dúshlán nuair a aithnítear gur píosa páipéir nó cárta atá measartha beag é an cárta tuairisce, agus go bhfuil sé iontach deacair castacht na foghlama agus na forbartha a tharlaíonn le linn saol scoile an pháiste a chur in iúl air. Mar sin, is é an dúshlán ná ról agus oiriúnacht an chárta thuairisce a aimsiú mar cheann de na rudaí uile a dhéanann scoileanna le cumarsáid rialta a choinneáil leis an mbaile. Agus iad ag déanamh cur síos ar a gcleachtas tuairiscithe, chuir beagnach gach scoil béim ar an luach a chuireann siad ar theagmháil neamhfhoirmiúil, oscailte le tuismitheoirí, a rinneadh ar bhonn laethúil agus nach raibh srianta d'ócáidí tuairiscithe foirmiúla.

Cad é atá ag tarlú sa réimse seo anois? Beidh tú ar an eolas faoi threoirlínte na CNCM *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile* a seoladh chuig gach scoil i mí Feabhra na bliana seo caite. Tá ábhar suimiúil agus praiticiúil ar mheasúnú agus ar thuairisciú sna treoirlínte. B'fhéidir gur chuala tú faoin taighde ar chleachtas tuairiscithe i scoileanna na hÉireann a rinne an tOllamh Kathy Hall thar ceann na CNCM. Is féidir leat an tuarascáil dheiridh a léamh ar ár láithreán gréasáin, ag **www.ncca.ie**

# Idiraonaid

## Á chur le chéile

> **Is dóigh liom gur núáil iontach iad idiraonaid. Déanann a lán scoileanna modúil chomhchosúla. Tá clár Idirbhliana á fhorbairt agam faoi láthair i scoil nua agus braithim go bhfuil mé ag cur casadh nua sa roth arís agus ba mhór agam bunachar sonraí d'acmhainní.**
> **(Comhordaitheoir Idirbhliana)**

### An bhfuil tú bréan de bheith ag cur casadh nua sa roth?

Más rud é gur shuigh tú féin nó gur shuigh tú le comhghleacaithe chun modúl a cheapadh don idirbhliain, b'fhéidir gur cheap tú go raibh tú ag cur casadh nua sa roth. Ní bhíonn sé éasca teacht ar shmaointe nua do mhodúil a spreagfaidh samhlaíocht daltaí, atá suimiúil ó thaobh an teagaisc de freisin agus a bhíonn de réir spiorad na hidirbhliana.

Shamhlófá, le breis agus 500 scoil ag tairiscint an chláir, go bhfuil múinteoirí eile ann a cheap smaointe nuálacha a d'fhéadfá a úsáid le, nó a oiriúnú do, do dhaltaí féin. Agus bheadh an ceart agat. Sin ceann de na fáthanna go bhfuil idiraonaid á bhforbairt ag an CNCM – d'fhonn smaointe a roinnt.

### Cad iad idiraonaid?

Tá idiraonaid (IA-anna) ar cheann de na comhpháirteanna nua de churaclam na sraithe sinsearaí. Aonaid 45 uair atá iontu, a bheartaítear a bheith le tairiscint ag scoileanna do dhaltaí idirbhliana. Is é an rún ná go gcuirfidh scoileanna IA-anna éagsúla ar fáil mar chuid dá gclár idirbhliana amach anseo. Agus chun tú a chur ar do shuaimhneas, níl sé mar aidhm ag IA-anna bheith mar chúrsaí 'scrúdaithe'; ní dhéanfar measúnú seachtrach orthu, agus ní bheidh 'pointí' á dtabhairt dóibh. Is í an aidhm a bhíonn ag measúnú ar idiraonad ná aiseolas a thabhairt do dhaltaí a thacaíonn lena bhfoghlaim agus a spreagann forbairt a bhféin-mheasúnaithe.

### Seo ceann atá déanta agam (againn) cheana féin!

Bhí an CNCM ag obair le múinteoirí i Líonra Scoile na Sraithe Sinsearaí cheana féin chun idiraonaid shamplacha a fhorbairt agus tá siad anois ar fáil ar laithreán gréasáin na sraithe sinsearaí. Sin agaibh é, a chairde, tá siad réidh le húsáid nó le hoiriúnú do do riachtanais féin agus do riachtanais do dhaltaí.

Seo liosta de IA-anna samplacha atá ar fáil ag **www.ncca.ie/seniorcycle**.

**Idiraonaid shamplacha:**

- Sobalchláir agus Cultúr Coiteann
- Cúrsaí Bia
- Staidéar Dlí
- Oiliúint Spóirt
- Tuiscint ar an Scáileán Airgid
- Réamhchúrsa Géineolaíochta & Biteicneolaíochta
- Fionnachtain Ealaín na hÉireann
- Meáin agus Cumarsáid
- Ag Cur Scoil Glas ar Bun
- Éire – Cothrom na Féinne?

Beimid ag cur níos mó IA-anna ar an laithreán thar an gcéad chúpla mí eile, agus sa deireadh beidh bunachar cuimsitheach acmhainní do scoileanna.

> **Is obair iontach úsáideach agus thábhachtach í seo. Mar chomhordaitheoir idirbhliana creidim go gcuirfeadh aonaid mar seo le heispéireas na múinteoirí agus na daltaí araon.**

### Cruthaigh do IA féin

Tá modúil chruthaitheacha idirbliana á dteagasc ag cuid agaibh cheana féin. Mar sin cad chuige nach ndéanann tusa agus do ranna ábhair forbairt orthu mar IA-anna do Mheán Fómhair 2008? Le cuidiú leat tús a chur leis seo tá an teimpléad IA ar fáil le híoslódáil ónár láithreán gréasáin, mar aon le lámhleabhar cuidiúil ar conas idiraonad a scríobh.

### Ar fiú an teimpléad a úsáid?

Fuair múinteoirí ó Líonra Scoile na Sraithe Sinsearaí a bhí ag scríobh a IA-anna féin, go bhfuil cuid mhór buntáistí ag baint leis an obair seo a dhéanamh.

- → Soláthraíonn sí deis chun machnamh criticiúil a dhéanamh ar a gclár reatha Idirbhliana
- → Soláthraíonn sí uirlis a thacaíonn le múinteoirí chun scríobh faoin rud atá á dhéanamh acu cheana féin
- → Cuidíonn sí le múinteoirí teanga agus scileanna fhorbairt an chuaclaim a chothú
- → Cothaíonn sí pleanáil agus cumarsáid níos fearr laistigh den fhoireann idirbhliana.

### Conas a scríobhfá Idiraonad?

Má tá tú ag teagasc modúil Idirbliana arbh fhiú a roinnt le daoine eile cad chuige nach scríobhann tú é mar idiraonad? Tá gach eolas atá de dhíth ort ar laithreán gréasáin na CNCM.

Is é an chéad chéim ná an teimpléad d'idiraonaid agus an lámhleabhar a íoslódáil. Tá eolas céim ar chéim ar an bpróiseas sa lámhleabhar. Tá 13 rannán ar an teimpléad a chaithfidh tú a scríobh. Tá cuid acu iontach simplí, ach tá cuid eile casta go leor, go háirithe mura n-úsáideann tú teanga fhorbairt an churaclaim ar bhonn laethúil!

Ar an gcéad leathanach eile feicfidh tú liosta de rannáin éagsúla an teimpléid. Tá roinnt codanna i gcló trom, codanna a bhfuil míniú breise orthu.

1. Teideal an idiraonaid
2. Réimse staidéir
3. Foramharc
4. Naisc
5. **Cuntas achoimre ar an aonad**
6. **Miondealú ar an aonad**
7. **Aidhmeanna**
8. **Torthaí foghlama**
9. **Príomhscileanna**
10. Modheolaíochtaí
11. Cuir chuige measúnaithe
12. Meastóireacht
13. Acmhainní

## Cuntas achoimre ar an aonad

Is cur síos gairid céim ar chéim é seo ar céard go díreach a bheidh á dhéanamh ag na daltaí san aonad. Cuireann seo ar do chumas cur síos ar a bhfuil i gceist le teagasc do IA. Ní bhíonn iallach ort pleananna ceachta ranga a thabhairt, ach ina áit sin tugann tú cuntas ginearálta ar an bpróiseas. Ní mór go mbíonn go leor sonraí sa chuntas seo chun tuairim a thabhairt do mhúinteoir eile nár theagasc an t-aonad ar conas tabhairt faoi aonad comhchosúil.

## Miondealú ar an aonad

Tugann seo barúil ar conas a mhiondealaítear an t-IA idir am teagmhála ranga, cuairteanna lasmuigh den scoil, taispeántais, taighde neamhspleách, srl. Beidh sé seo éagsúil ar ndóigh, ag brath ar an réimse staidéir. Mar shampla, b'fhéidir go mbeidh an t-eolas seo a leanas i gceist le IA tíreolaíochta:

Am teagmhála ranga:
30 uair,
(3 thréimhse ranga ar feadh 15 seachtaine)

Bailiú sonraí:
5 uaire

Taighde neamhspleách:
5 uaire

Tuairisc a ullmhú agus a chur i láthair:
5 uaire

**Iomlán: 45 uaire**

## Aidhmeanna

Ba chóir nach mbeadh ach trí nó ceithre aidhm, ar ráitis ghinearálta iad a thugann eolas ar a bhfuil súil ann le baint amach tríd an IA. D'fhéadfaí go mbeadh na haidhmeanna seo leathan (rud nach ionann agus torthaí foghlama). Mar shampla, b'fhéidir gurbh iad na haidhmeanna atá ag IA ar na meáin agus cumarsáid ná



- feasacht na ndaltaí ar phrionsabail chumarsáide a chothú
- amharclitearthacht na ndaltaí a chothú
- saibhriú cultúrtha a sholáthar
- scileanna TFC (ICT) a fhorbairt.

## Torthaí foghlama

Is ráitis ghearra shainiúla iad torthaí foghlama a thugann eolas dúinn ar na rudaí a bheidh daltaí *ábalta a dhéanamh* tar éis dóibh IA a staidéar. Tosaíonn gach toradh foghlama le briathar. Seo roinnt briathra a bheadh úsáideach: *meabhraigh, sainaithin, sainmhínigh, déan cur síos ar, déan achoimre ar, léirmhínigh, mínigh, pléigh, taispeáin, imscrúdaigh, déan anailís ar, scríobh, pleanáil, dear, ceap, déan meastóireacht ar, cuir i láthair, tomhais, feidhmigh, gníomhaigh, cruthaigh, éist le meas, comhoibrigh mar chuid d'fhoireann.*

Is féidir le torthaí foghlama bheith
- ábharbhunaithe (m.sh. déan anailís ar imeacht stairiúil)
- i dtreo torthaí (m.sh. ullmhaigh tuairisc) **nó**
- de réir próisis (m.sh. déan turgnamh, déan rólimirt, éist le meas le tuairimí éagsúla).

## Príomhscileanna

Sa rannán seo déantar cur síos ar na cineálacha scileanna a thiocfaidh daltaí orthu agus iad ag glacadh páirte san IA. Sainaithníodh cúig phríomhscil atá tábhachtach chun cuidiú le daltaí na sraithe sinsearaí bheith ina bhfoghlaimeoirí éifeachtacha. Is iad seo ná *próiseáil eolais, smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, cumarsáid, obair le daoine eile,* agus *bheith éifeachtach go pearsanta.* Sa rannán seo iarrtar ort smaoineamh ar conas is féidir na príomhscileanna a leabú isteach i dteagasc agus i bhfoghlaim do IA féin .

## An chéad chéim eile

Nuair a bhíonn d'idiraonad scríofa ag úsáid an teimpléid bíonn sé úsáideach go minic é a chur ar aghaidh go comhghleacaí le léamh tríd agus le tuilleadh barúlacha a thabhairt duit. Más mian leat, is féidir leat é a chur ar aghaidh chuig an CNCM (r-phost: **schoolnetwork@ncca.ie**) agus tabharfaimid tuilleadh aiseolais agus tacaíochta.

Sa chéad eagrán eile de **info@ncca** rachaimid trí ghnéithe eile den teimpléad, ag tabhairt níos mó sonraí ar an rud atá ag tarlú sna scoileanna atá ag forbairt a IA-anna féin faoi láthair, agus ag plé bealaí inar féidir iad a roinnt le daoine eile.

Ná déan dearmad **www.ncca.ie/seniorcycle** a sheiceáil le haghaidh an eolais is déanaí!

> **"Is fiú go mór IA a scríobh de réir teimpléid choitinn. Ba chóir dea-chleachtas a roinnt."**

# Réidh le ACTION?

## Nuálaíocht mheasúnaithe, curaclaim agus teagaisc ar an idirlíon

**Bí réidh le turas lán-ACTION agus muid ag tógaint réamhamharc ar cad a bheidh i gceist in ár láithreán gréasáin is éasca do mhúinteoirí a úsáid. Sin é, 'éasca do mhúinteoirí a úsáid', a dearadh chun cleachtas seomra ranga a chur ar an eolas. Tá an chéad chéim oibre ar ACTION críochnaithe anois. Anois amharcaimis ar cad a bheidh ann duit ó mí Mheán Fómhair ar aghaidh.**

### Cad é an rud é ACTION?

Is éard is ACTION ann (**www.action.ncca.ie**) ná an tríú láithreán i 'sraith' láithreán gréasáin na CNCM. Tá eolas faoin obair a rinne agus a dhéanann an CNCM ar ár láithreán gréasáin corparáideach, **www.ncca.ie**, mar aon lenár bhfoilseacháin. Ar ár láithreán curaclaim ar líne, **www.curriculumonline.ie**, is féidir leat brabhsáil agus cuardach tríd an gCuraclam Bunscoile agus trí shiollabais iarbhunscoile.

Is é ACTION (Measúnú, Curaclam agus Nuálaíocht Teagaisc ar an Idirlíon / Assessment, Curriculum and Teaching Innovation on the Net) an láithreán is óige den tríréad, agus déanann sé beart de réir a bhriathair. Tá sé deartha le taispeáint, seachas le hinsint, 'an chaoi' teagaisc agus foghlama trí mheáin mar fhíseán, ghrianghraif, théacs agus fhuaim. Trí shaintionscadail agus trí ghníomhaíochtaí seomra ranga a úsáid a bhreathnaítear i bhfíorsheomraí ranga, soláthraíonn ACTION acmhainní agus smaointe duitse, an múinteoir, chun tacú le cleachtas seomra ranga.

### Cad is féidir liom a fheiceáil ar ACTION?

Don chéad chéim seo oibre ar ACTION, roghnaíomar **trí shaintionscadal**. Is iad na tionscadail sin ná Measúnú chun Foghlama, Frámaíocht TFC agus English as an Additional Language. Chuamar ag comhoibriú le scoileanna sa trí thionscadal chun rannpháirtíocht an mhúinteora i dtionscnaimh churaclaim a thaifeadadh. Bhailíomar acmhainní múinteoirí, rinneamar taifid ar ranganna i mbun gnímh, ghlacamar grianghraif de dhaltaí ag obair le chéile agus bhailíomar samplaí d'obair na ndaltaí.

Cuimsíonn gach tionscadal ar ACTION dhá ghné:

- eolas ar an saintionscadal
- gníomhaíochtaí samplacha

### Tionscadail

Léiríonn an tionscadal **Measúnú chun Foghlama** (McF) samplaí d'obair an dalta a bhailigh múinteoirí in iar-bhunscoileanna ó chásanna laethúla oibre. Ní samplaí ar ardchaighdeán iad go léir ach clúdaíonn siad raon d'aschurtha dalta, agus bíonn cuid acu níos fearr ná a chéile. Is é atá i gcoiteann ag na samplaí ná go leanann siad patrún McF de theagaisc agus d'fhoghlaim, rud a sholáthraíonn tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora thar raon ábhar sa tsraith shóisearach.

Soláthraíonn an **Fhrámaíocht TFC** cur chuige structúrtha i leith TFC a úsáid i gcuraclam agus i measúnú trí na cineálacha foghlama le TFC (eolas, scileanna agus meonta san áireamh) atá cuí do dhaltaí a aithint. Mar sin, ní réimse curaclaim nó siollabais í an Fhramaíocht TFC. Ní chuirtear i láthair é mar rud breise ar theagasc agus ar fhoghlaim ach mar uirlis a chuidíonn le múinteoirí TFC a chomhtháthú isteach le teagasc agus le foghlaim. Is féidir leat nascleanúint a dhéanamh go héasca ar an bhfrámaíocht ar ACTION agus is féidir leat teacht ar ghníomhaíochtaí samplacha a d'fhorbair múinteoirí, bunaithe ar chuspóirí curaclaim.

Léiríonn an tionscadal **English as an Additional Language** (EAL) na treoirlínte *English as an Additional Language in Primary Schools Guidelines* taobh le hábhair agus acmhainní a bailíodh i scoileanna ina bhfuil líon éagsúil páistí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu. Tá na hacmhainní seo ar fáil chun cúnamh le *conas* an EAL a 'léiriú' taobh leis an gcur síos atá sna treoirlínte.

### Gníomhaíochtaí samplacha

Bíonn an spás do **ghníomhaíocht shamplach** mar an gcéanna thar na tionscadail ar fad. Soláthraíonn gach gníomhaíocht shamplach sonraí ar an rud a rinne an múinteoir (a d'fhorbair agus a d'úsáid sé/sí) lena rang chun obair a dhéanamh ar ghníomhaíocht, agus saothar an dalta a bhí mar thoradh ar an obair. Baintear úsáid as innéacs tábáilte (mar atá á léiriú ar lch 17) ar gach leathanach ina bhfuil gníomhaíochtaí samplacha chun an t-eolas a fháil mar aon leis na hacmhainní atá ann.

## Sraith láithreán gréasáin na CNCM

**Láithreán gréasáin corparáideach**



www.ncca.ie

**Láithreán gréasáin Churaclam Ar Líne**



www.curriculumonline.ie

**Láithreán gréasáin ACTION**



www.action.ncca.ie

## Innéacs tábáilte gníomhaíochta samplaí




Toisc go mbíonn gach gníomhaíocht shamplach leithleach, ní bhíonn táib ann ach amháin i gcás go bhfuil eolas agus acmhainní ar fáil lena líonadh. B'fhéidir go mbainfear úsáid as an gcéad trí tháb amháin i gcás gníomhaíochta samplaí áirithe, agus b'fhéidir go mbainfear úsáid as gach táb i gcás gníomhaíochta samplaích eile.


## Cad chuige a bhfuil ACTION difriúil?

Baineann ACTION leas as cineálacha éagsúla meán chun eolas agus ábhair a dhéanamh ábhartha: téacs, físeán, fuaim, grianghraif, spléach-pháipéar, íomhánna scanta, cur i láthair PowerPoint agus go leor eile! Is féidir teacht ar na húsáidí breise seo meán faoi na táib *Uirlisí agus Acmhainní* nó *Obair an Dalta* laistigh den spás do ghníomhaíochtaí samplacha.

**Íomhánna scanta**



**Spléach-pháipéar**



**Físeán**



## Conas a bhfaighidh mé a bhfuil á chuardach agam?

Is féidir leat brabhsáil trí na hábhair atá ar ACTION trí na trí leathanach thionscadail, McF, Frámaíocht TFC nó EAL. In ionad sin, is féidir leat ceann den dá rogha chuardaigh a úsáid atá ar fáil ar an láithreán.

| Táb Innéacs | Ábhar |
|---|---|
| Naisc Churaclaim | Sonraí ar na réimsí curaclaim/siollabais atá cuimsithe tríd an ngníomhaíocht shamplach. Cuimsíonn an táb seo naisc dhíreacha chuig ár láithreán gréasáin curaclaim ar líne ionas gur féidir leat do phleanáil féin a chomhlánú má chinneann tú ar na sonraí gníomhaíochta samplaí ar fad a úsáid nó cuid díobh. |
| Naisc Fhrámaíocht TFC | Má chuimsíonn gníomhaíocht shamplach úsáid TFC, soláthróidh an nasc seo sonraí ar na torthaí foghlama den Fhrámaíocht TFC a baineadh amach. |
| Cur síos | Sonraí ar conas a rinneadh an ghníomhaíocht sa seomra ranga, mar shampla, cad é a bhí de dhíth, cén leibhéal atáthar ag iarraidh a bhaint amach, ullmhúchán agus modh oibre. |
| Uirlisí agus acmhainní | Sonraí ar na huirlisí agus ar na hacmhainní atá de dhíth chun obair a dhéanamh ar an ngníomhaíocht shamplach, lena n-áirítear ábhair a rinne múinteoirí le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht agus bileoga eolais ar na huirlisí a úsáideadh. |
| Athbhreithniú agus machnamh | Sonraí ar athbhreithniú an mhúinteora agus machnamh ar an ngníomhaíocht i ndiaidh í a bheith déanta |
| Saothar an Dalta | Samplaí den saothar a rinne leanaí agus daltaí le linn na gníomhaíochta samplaí agus de na hábhair a rinne siad |

Is cuardach eochairfhocail é an chéad rogha chuardaigh a bhaineann úsáid as an inneall cuardaigh Google ar an láithreán ACTION amháin. Más mian leat eolas a fháil láithreach ar conas ceamara digiteach a úsáid le turas páirce a thaifeadadh – bain úsáid as an rogha chuardaigh seo agus, sin agat é, gheobhaidh tú sonraí ar úsáid mhúinteora as ceamaraí digiteacha chun taifead a dhéanamh ar thuras páirce go Páirc Sheáin Bhreathnaigh.


Cuideoidh an dara rogha leat, ar rogha chuardaigh chasta é, gníomhaíochtaí samplacha a fháil mar aon le hábhair gaolta trí chatagóir. Ar na catagóirí atá ar fáil tá:

1. **Earnáil:** Luathóige, Bunscoil nó Iar-bhunscoil
2. **Ábhar:** Ábhar curaclaim
3. **Tionscadal:** McF, Frámaíocht TFC nó English as an Additional Language


Is féidir leat úsáid a bhaint as a mhéid catagóirí agus is mian leat. Bíonn na roghanna a bhíonn ar fáil ag leibhéil ísle teoranta ag gach roghnúchán a dhéanann tusa. Mar shampla, má roghnaíonn tú 'bunscoil' ní bheidh ar fáil le roghnú agat ag an gcéad leibhéal eile ach na hábhair i gcuraclam na bunscoile.

## Roghanna cuardaigh ACTION

### Rogha chuardaigh 1: Cuardach Google




### Rogha chuardaigh 2: Cuardach casta




Mar sin, sin agaibh ACTION i mbun gnímh. An bhfuil do shuim múscailte againn? Beimid beo i mhí Mhéan Fómhair, bí cinnte go mbaineann tú triail as ansin duit féin. Beodh foirm aiseolais le fáil ar an laithreán le do thuairimí a thabhairt dúinn.

Coinnigh súil amach ar an eolas is déanaí ar ACTION a bheidh in info@ncca i mí Mhéan Fómhair agus cuimhnigh – coinnigh leat ag teacht ar ais mar beimid ag cur níos mó ar an láithreán seo i gcaitheamh an ama.

# Na fíricí

## Bileoga eolais d'Ábhair an Teastais Shóisearaigh

**An oide nó treoirchomhairleoir don chéad bhliain tú a chaithfidh eolas bunúsach agus achoimre a thabhairt do na daltaí faoi na hábhair éagsúla atá ar fáil don tsraith shóisearach? Nó b'fhéidir gur múinteoir bunscoile tú agus go bhfuil suim agat sa bhealach ina bhforbraítear cuid de réimsí Churaclam na Bunscoile a bhíonn á dteagasc agat ag leibhéal iar-bhunscoile?**




Bhuel, tá cuidiú ann duit. Tá sraith bhileoga eolais curtha le chéile ag an CNCM a thugann eolas faoi gach ábhar ag an tsraith shóisearach. Ar na bileoga eolais seo gheobhaidh tú cuid de na freagraí ar na ceisteanna atá agatsa agus ar na ceisteanna atá ag do dhaltaí. B'fhéidir go mbeidh siad ina n-áis úsáideach duitse le 'tógáil ón tarraiceán' roimh oícheanta eolais agus laethanta oscailte na scoile!

Cé gur dearadh na bileoga eolais d'ábhair na sraithe sóisearaí chun freastal ar dhaltaí i rang a sé agus sa chéad bhliain, beidh siad úsáideach do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí freisin.

Tháinig sé chun solais go raibh gá le heolas do thuismitheoirí agus do dhaltaí araon nuair a foilsíodh an tuarascáil ESRI, *Ag Gluaiseacht Suas* (tuairisc achoimre na CNCM le fáil ar **www.ncca.ie**), ina raibh tuairiscí ar eispéiris daltaí na chéad bhliana i ndiaidh dóibh aistriú ó rang a sé go hiar-bhunscoil.

I gcás daltaí i rang a sé, is eispéireas dúshlánach, corraitheach agus scanrúil é an t-aistriú go hiar-bhunscoil. Dar le tráchta tuismitheoirí a doiciméadaíodh sa tuarascáil, b'fhachtóir a chuir le himní na ndaltaí ná nach raibh a fhios acu conas mar a bheadh an scoil nua, agus tabhairt faoi ábhair nua neamhchleachta san áireamh.

Léirigh an tuarascáil go raibh daltaí ag brath ar chairde agus ar thuismitheoirí le comhairle a fháil maidir le cinntí ar ábhair a roghnú. Cuideoidh na bileoga eolais d'ábhair na sraithe sóisearaí le scoileanna chun imní a ndaltaí faoi na hábhair éagsúla a bheidh á ndéanamh acu a laghdú, agus cuideoidh siad le daltaí agus le tuismitheoirí chun cinntí níos eolasaí a dhéanamh maidir lena roghanna. Trí na bileoga eolais seo a chur ar fáil, tá gach scoil ag cuidiú freisin leis an aistriú a dhéanamh níos éasca do na daltaí seo idir an bhunscoil agus an iarbhunscoil.

Soláthraíonn na bileoga eolais faisnéis faoi na hábhair éagsúla atá soiléir, achomair agus 'éasca do dhaltaí a úsáid'. Cuimsíonn siad eolas faoina bhfoghlaimeoidh na daltaí i ngach ábhar mar aon le heolas faoi

- conas is féidir leo gach ábhar a fhoghlaim
- conas a dhéanfar scrúdú ar an ábhar ag an Teastas Sóisearach
- conas a fhoghlaimeoidh an dalta níos mó faoin ábhar lasmuigh den scoil
- conas is féidir leis an dalta leanúint ar aghaidh leis an ábhar ag an tsraith shinsearach.

Soláthraíonn na bileoga eolais freisin

- rogha láithreán gréasáin atá úsáideach ar a bhfuil tuilleadh eolais ar gach ábhar
- faisnéis faoi conas a fhorbraítear an ábhar ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil

Beidh na bileoga eolais d'ábhair na sraithe sóisearaí ar fáil le híoslódáil ó láithreán gréasáin na CNCM (**www.ncca.ie**). Beidh gach bileog ar fáil i bhformáid atá néata agus éasca le húsáid ionas gur féidir fótachóipeanna a dhéanamh díobh ar dhá thaobh de leathanach A4. Inis dúinn cad é a cheapann tú fúthu trí r-phost a chur chuig: **newsletter@ncca.ie**.




> **“Soláthraíonn na bileoga eolais faisnéis faoi na hábhair éagsúla atá soiléir, achomair agus ‘éasca do dhaltaí a úsáid’.”**